# ELeathanach 465

Dé Luain, an 22 Aibreán 2024





## Lá an Domhain

Gach bliain, ar an 22 Aibreán, déanann muid ceiliúradh ar Lá an Domhain. In 1970, sna Stáit Aontaithe, d'eagraigh polaiteoir an chéad cheann riamh. Tá an lá ag dul ó neart go neart ó shin le níos mó ná 190 tír páirteach anuraidh.

Ar an lá seo, bíonn daoine ag ceiliúradh an domhain álainn atá againn. Chomh maith leis sin, bíonn daoine ag smaoineamh ar na bealaí gur féidir linn aire níos fearr a thabhairt don phláinéad.

Bíonn téama ag Lá an Domhain gach bliain, agus i mbliana, tá an bhéim ar an bpláinéad i gcoinne plaisteach. Tá sprioc leagtha síos go ndéanfaimid laghdú 60% ar an méid plaistigh a úsáidfimid roimh 2040 agus go mbeidh cosc iomlán ar phlaisteach aonúsáide.

Cé gur lá speisialta é seo, tá sé tábhachtach a bheith ag smaoineamh faoin teachtaireacht seo gach lá.

Tá níos mó eolais faoi Lá an Domhain ar fáil ar an suíomh www.earthday.org

## *Britain's Got Talent* ar ais arís

Thosaigh sraith nua den chlár *Britain's Got Talent* ag an deireadh seachtaine. Is í seo an 17ú sraith den chlár. I mbliana, beidh na moltóirí céanna ann ó anuraidh: Simon Cowell, Alesha Dixon, Bruno Tonioli, agus Amanda Holden.

Mar athrú ó anuraidh, tá cnaipí órga sa bhreis ar fáil. Thaitin Sydnie Christmas an méid sin le Amanda gur bhrúigh sí an cnaipe órga ar an gcéad chlár den tsraith. Ciallaíonn sé sin go mbeidh spás ag Sydnie sna babhtaí ceannais den tsraith.

Creid é nó ná creid é, bhrúigh Ant agus Dec an cnaipe órga freisin ar an gcéad chlár don ghrúpa *Ssaulabi Performance Troupe ón gCóiré Theas.*



## Cluiche leathcheannais de Chorn an FA

D'imir Coventry i gcoinne Manchester United i gcluiche sacair iontach Dé Domhnaigh. Bhí Manchester United trí chúl chun tosaigh tar éis 60 nóiméad, ach d'éirigh le Coventry trí chúl a fháil agus bhí am breise le himirt.

Chríochnaigh siad ar comhscór tar éis am breise, le ceithre chúl an fhoireann. Mar sin, bhí ciceanna pionóis ann agus bhí an lámh in uachtar ag United.

Beidh siad ag imirt i gcoinne Manchester City sa chluiche ceannais.

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7